# Cuntas Leithreasa 2024

# Vóta 11

# Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 11, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus é a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas seo, tá an cuntas atá faoi cheangal ullmhaithe agam maidir leis an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe le haghaidh seirbhísí áirithe atá riartha ag an Oifig sin agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear olltoradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a bhronn Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2024, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar chaiteachas na bliana.

Dlitear barrachas de €2.591 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Tá ráiteas na mbeartas cuntasaíochta agus prionsabail agus nótaí 1 go 7 mar chuid den chuntas.

## Ráiteas na mbeartas agus na bprionsabal cuntasaíochta

Cuireadh i bhfeidhm na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh ar an bPlean Forbartha Náisúnta agus Athchóirithe i gciorclán 20 de 2024, agus an cuntas seo á ullmhú. Áirítear leis sin cur i bhfeidhm roinnt Caighdeáin Chuntasaíochta de chuid an Rialtais Láir a tháinig i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024.

***Dímheas sócmhainní caipitil***

Déantar dímheas réadmhaoine, , fearais agus trealaimh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le Caighdeáin Chuntasaíochta de chuid an Rialtais Láir 17 agus Caighdeáin Chuntasaíochta de chuid an Rialtais Láir 31 faoi seach.

Is iad seo a leanas saolréanna úsáideacha agus rátaí dímheasa/amúchta gaolmhara na móraicmí sócmhainní caipitil.

| *Aicme sócmhainne* | *Saolré úsáideach* | *Ráta dímheasa/amúchta* |
|---|---|---|
| Trealamh oifige agus TF | 5 bliana | 20% |
| Bogearraí faighte/forbartha | 10 mbliana | 10% |

## An ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as córas an rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go gcaomhnaíonn agus go gcuireann an Roinn córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais i bhfeidhm.

Cuirim an fhreagracht seo i bhfeidhm i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus na n-oibleagáid eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le córas inmheánach maidir le rialú airgeadais ach gealltanas réasúnta agus ní gealltanas iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a cheadú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhréireanna a chosc nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht á n-athbhreithniú i gcónaí.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh soláthar seirbhísí acmhainní daonna, airgeadais agus comhroinnte maidir le párolla.

Táim ag brath ar litir ráthaíochta ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha maidir le rialú a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann le comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras maidir leis an rialú inmheánach airgeadais.
- Doiciméadaíodh na nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.
- Tá an Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ábhartha freisin toisc go soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí áirithe ar bhonn comhroinnte do Vóta 11.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat maidir le nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an ardbhainistíocht.
- Bíonn athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán.
- Tá córas bainistithe riosca ag feidhmiú taobh istigh den Roinn
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirlínte cuí rialaithe maidir le hinfheistiú caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.
- Tá béim chuí á leagan ar an dea-chleachtas sa cheannach agus tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte ábhartha ar fad.

***Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Tá feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn ina bhfuil pearsanra atá oilte go cuí, a oibríonn i gcomhréir le cairt scríofa atá faofa agam. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu agus tá a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna bhfaomhadh agamsa agus ag an gCoiste Iniúchta, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé de sprioc ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Soláthar***

Áirithíonn an Roinn go leagtar béim chuí ar dhea-chleachtas soláthair agus conarthaí á mbronnadh agus go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile.

Sholáthair an Roinn sonraí ar dhá chonradh neamhiomaíocha ach chomhlíontacha de bhreis agus €25,000 sa tuairisceán bliantúil i leith chiorclán 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh ar an bPlean Forbartha Náisúnta agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas maidir le bainistíocht riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a dhéanann príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á dtógáil a shainaithint agus a thuairisciú, gníomhartha bainistíochta atá á dtógáil chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, nuair is féidir, na rioscaí sin a laghdú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sonraítear na príomhrioscaí a bhíonn roimh an Roinn, agus rinneadh na príomhrioscaí sin a shonrú, a mheasúnú agus a rangú de réir a suntasachta. Déanann an Bord Bainistíochta na rioscaí ardleibhéil atá os comhair na Roinne a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Cuirtear toradh na measúnachtaí seo in úsáid chun acmhainní a phleanáil agus a dháileadh le háirithiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal oiriúnach.

Sonraíonn an clár riosca an rialú agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a laghdú agus an fhreagracht a bhaineann le feidhmiú an rialaithe dáilte chuig baill foirne faoi leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú reatha***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a thógáil agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go ndearnadh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara a shainaithint agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais maidir le rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na hardbhainistíochta taobh istigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus caomhnú an chreata um rialú inmheánach airgeadais.

***Ceisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laige sa rialú airgeadais inmheánach i ndáil le 2024 ar ghá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**David Moloney**
Oifigeach Cuntasaíochta
Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh ar an bPlean Forbartha Náisúnta agus Athchóirithe

11 Márta 2025

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

### Vóta 11 Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh ar an bPlean Forbartha Náisúnta agus Athchóirithe

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 11 Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh ar an bPlean Forbartha Náisúnta agus Athchóirithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 11 Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh ar an bPlean Forbartha Náisúnta agus Athchóirithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2025

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d’Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d’iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m’iniúchta.

**Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)**

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

**Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais**

I dtaca le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

**Tuairisciú ar ábhair eile**

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

# Vóta 11 Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh ar an bPlean Forbartha Náisúnta agus Athchóirithe

## Cuntas Leithreasa 2024

| | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Bainistíocht agus athchóiriú caiteachais phoiblí | | | | |
| | *Bunmhéid* | 59,433 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | 59,434 | 57,022 | 50,004 |
| **Ollchaiteachas** | | | **59,434** | **57,022** | **50,004** |
| *Asbhain* | | | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **2,975** | **3,154** | **3,307** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunmhéid* | 56,458 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **56,459** | **53,868** | **46,697** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais an ghlanmhéid faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas le géilleadh** | **2,590,968** | **4,600,773** |

**David Moloney**
Oifigeach Cuntasaíochta
Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh ar an bPlean Forbartha Náisúnta agus Athchóirithe

11 Márta 2025

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 An Ráiteas ar Chostas Oibríochta 2024

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas ar chláir | | 23,709 | 18,822 |
| Pá | | 29,972 | 27,814 |
| Neamhphá | | 3,341 | 3,368 |
| **Ollchaiteachas** | | **57,022** | **50,004** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **3,154** | **3,307** |
| **Glanchaiteachas** | | **53,868** | **46,697** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Maoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Dímheas | 21 | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (192) | | |
| Amúchadh | 441 | | |
| | | 270 | (3) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú i réamhíocaíochtaí | (243) | | |
| Méadú ar speansais fhabhraithe | 1,628 | | |
| | | 1,385 | (399) |
| **Caiteachas díreach** | | **55,523** | **46,295** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | 10,913 | 11,376 |
| Measchíosanna | | 2,512 | 2,512 |
| **Glanchostas an chláir** | | **68,948** | **60,183** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara comhdhéanta as na méideanna seo leanas maidir le Vóta 11 a híocadh as cistí eile. Cuimsítear na méideanna a leanas i ndáil le Vóta 11 a iompraíodh in áit eile i gcomhdhéanamh maidir le méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara.

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 1,317 | 1,400 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 5,498 | 6,728 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 2,022 | 1,723 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 1,454 | 1,009 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 253 | 234 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 663 | 522 |
| | | 11,207 | 11,616 |
| Costas seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do vótaí eile [a] | | (294) | (240) |
| | | **10,913** | **11,376** |

Nóta [a] Baineann na seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do vótaí eile le luach seirbhísí comhroinnte iniúchta a sholáthair an Roinn seo don Roinn Airgeadais in 2024.

## Nóta 2 An Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Réadmhaoin,, fearas agus trealamh | 2.1 | 26 | 47 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 1,889 | 2,138 |
| | | **1,915** | **2,185** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | (128) | 612 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.3 | 850 | 607 |
| Ioncam fabhraithe | 2.4 | 8 | 8 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 962 | 273 |
| Glanmhaoiniú an Státchiste | 2.8 | 351 | 255 |
| | | **2,043** | **1,755** |
| *Lúide* | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.6 | 1,772 | 144 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 1,185 | 1,140 |
| | | **2,957** | **1,284** |
| **Glansócmhainní reatha/(dliteanais)** | | **(914)** | **471** |
| **Glansócmhainní** | | **1,001** | **2,656** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe an Stáit** | 2.9 | **1,001** | **2,656** |

## 2.1Réadmhaoin, fearas agus trealamh

| | Trealamh oifige agus TF | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 105 | 105 |
| Breiseanna | — | —- |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 105 | 105 |
| | | |
| **Dímheas carntha** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 58 | 58 |
| Dímheas don bhliain | 21 | 21 |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 79 | 79 |
| | | |
| **Glansócmhainní** | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **26** | **26** |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 47 | 47 |

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí faighte agus forbartha | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 5,513 | 5,513 |
| Coigeartuithe | 192 | 192 |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 5,705 | 5,705 |
| | | |
| **Amúchadh carntha** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 3,375 | 3,375 |
| Amúchadh don bhliain | 441 | 441 |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 3,816 | 3,816 |
| | | |
| **Glansócmhainní** | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **1,889** | **1,889** |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 2,138 | 2,138 |

## 2.3 Réamhíocaíochtaí

| amhail an 31 Nollaig | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Costais TF | 419 | 297 |
| Táillí oideachais | 115 | 126 |
| Institiúidí idirnáisiúnta | 99 | 71 |
| Síntiúis | 205 | 98 |
| Árachas | 8 | 8 |
| Ilghnéitheach | 4 | 7 |
| | **850** | **607** |

## 2.4 Ioncam fabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Ranníocaíochtaí pinsin Rialtóir an Chrannchuir Náisiúnta | 8 | 8 |
| | **8** | **8** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Caiteachas aisghabhála an phas taistil | 50 | 51 |
| Féichiúnaithe párolla | 719 | — |
| Míreanna fionraí dochair eile | 193 | 222 |
| | **962** | **273** |

## 2.6 Speansais fhabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Fabhrú párolla | 941 | — |
| Fabhrú pá saoire | 666 | — |
| Fóntais | 33 | 21 |
| Riarachán eile | 31 | 58 |
| Maoiniú taighde | 30 | 1 |
| Seirbhísí iniúchta | 24 | — |
| Taisteal agus cothú | 16 | 19 |
| Táillí oideachais | 14 | 5 |
| Costais dlí | 12 | 23 |
| Costais TF | 5 | 17 |
| | **1,772** | **144** |

## 2.7 Iarmhéideanna sochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| **Méideanna dlite don stát** | | |
| Cáin ioncaim | 577 | 542 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 316 | 284 |
| Cáin shiarchoinneálach do sheirbhísí gairmiúla | 31 | 50 |
| Cáin bhreisluacha | 72 | 84 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 96 | 84 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 2 | 2 |
| | 1,094 | 1,046 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 80 | 84 |
| Míreanna fionraí sochair eile | 11 | 10 |
| | **1,185** | **1,140** |

## 2.8 Glanmhaoiniú an Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Barrachas le géilleadh | 2,591 | 4,601 |
| Deontas ón Státchiste neamhtharraingthe | (2,942) | (4,856) |
| **Glanmhaoiniú an Státchiste** | **(351)** | **(255)** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (128) | 612 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 962 | 273 |
| | 834 | 885 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,094) | (1,046) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (91) | (94) |
| | (1,185) | (1,140) |
| | **(351)** | **(255)** |

## 2.9 Cuntas maoinithe an Stáit

| | Nóta | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | | | 2,656 | 2,254 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 56,459 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (2,591) | | |
| Glanvóta | | | 53,868 | 46,697 |
| Caiteachas a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 10,913 | 11,376 |
| Míreanna neamhairgid: Measchíos | 1 | | 2,512 | 2,512 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (68,948) | (60,183) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **1,001** | **2,656** |

## 2.10 Tionchar na n-athruithe ar an mbeartas cuntasaíochta in 2024

Cuireadh naoi gcaighdeán cuntasaíochta nua de chuid an rialtais láir (CGAS) chun feidhme le héifeacht ón 1 Eanáir 2024. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur chun feidhme ar chomhardú cistiúcháin an Stáit.

| Amhail an 31 Nollaig | 2024 |
|---|---|
| | €000 |
| Fabhrú párolla [a] | (941) |
| Fabhrú saoire [a] | (666) |
| | **(1,607)** |

Nóta [a] CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá caiteachas riaracháin sa chlár maidir le Caiteachas Poiblí a Bhainistiú agus a Athchóiriú leagtha amach thíos.

| | | | 2024 | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Meastachán soláthar | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá, pinsin agus liúntais | | | | |
| | *Bunmhéid* | 30,893 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (611) | | | |
| | | | 30,282 | 29,972 | 27,814 |
| ii | Taisteal agus cothú | | 348 | 307 | 323 |
| iii | Oiliúint agus Forbairt | | 560 | 639 | 642 |
| iv | Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach | | 665 | 977 | 677 |
| v | Infheistíocht chaipitiúil dhigiteach agus speansais TF | | 717 | 463 | 617 |
| vi | Speansais áitribh | | 525 | 612 | 544 |
| vii | Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde | | 993 | 343 | 565 |
| | | | **34,090** | **33,313** | **31,182** |

Nóta [a] Thug Cuntasaíocht an Rialtais na fo-cheannteidil caiteachais riaracháin cothrom le dáta in 2024. Cuireadh cúig fho-cheannteideal as feidhm, agus cruthaíodh ceithre fho-cheannteideal nua. Rinneadh anailís ar na figiúirí le haghaidh 2023 arís chun na fo-cheannteidil nua a léiriú.

### Éagsúlachtaí suntasacha

Leagtar amach sa nóta seo na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin

**iv Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach**

*Soláthar sna meastacháin €665,000; toradh €977,000*

Tharla an méadú de €312,000 go príomha mar gheall ar íocaíochtaí boird agus coiste de €170,000 a cuireadh san áireamh leis an bpárolla roimhe seo.

**v Infheistíocht chaipitiúil dhigiteach agus speansais TF**

*Soláthar sna meastacháin €717,000; toradh €463,000*

Tharla an choigilt de €254,000 mar gheall ar mhoill a bheith ar fhorbairt an chórais cúraim sláinte ceirde do Phríomhoifigeach Leighis na Státseirbhíse. Táthar ag súil go gcuirfear an córas nua chun tairisceana in 2025.

**vii Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde**

*Soláthar sna meastacháin €993,000; toradh €343,000*

Tharla an choigilt de €650,000 go príomha mar gheall ar níos lú caiteachas comhairleoireachta ar an gCoiste Luacha Saothair le haghaidh Poist Shinsearacha (SPRC) agus an comhaontú seirbhíse poiblí nua. Tugann an Roinn tús áite do shaineolas inmheánach seachas comhairleoireacht sheachtrach i gcás go mbíonn sé ar fáil, cinneadh ar féidir leis coigilteas a dhéanamh ar an bhfo-cheannteideal seo.

## Clár A Bainistíocht agus Athchóiriú Caiteachais Phoiblí

| | | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Soláthar sna meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán − pá | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 30,893 | | | |
| | | *Méid Forlíontach* | (611) | | | |
| | | | | 30,282 | 29,972 | 27,814 |
| A.2 | Riarachán − neamhphá | | | 3,808 | 3,341 | 3,368 |
| A.3 | Seirbhís Eacnamaíoch agus Luachála Rialtas na hÉireann | | | 225 | 152 | 145 |
| A.4 | An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta - costais riaracháin agus ghinearálta | | | 3,750 | 3,750 | 3,250 |
| A.5 | Cúnamh teicniúil maidir leis na cistí struchtúracha agus costais eile | | | 2,131 | 1,934 | 1,154 |
| A.6 | Costais maidir le cúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach | | | 1,657 | 1,854 | 1,249 |
| A.7 | Comhlacht na gClár Speisialta AE agus cláir Thuaidh/Theas | | | 4,609 | 3,811 | 3,413 |
| A.8 | INTERREG na hÉireann/Breataine Bige agus trasnáisiúnta | | | 197 | 193 | 198 |
| A.9 | Tacaíocht nuálaíochta na Foirgníochta | | | 500 | 385 | 404 |
| A.10 | Clár oibre claochlaithe/athchóirithe na Seirbhíse Poiblí | | | 625 | 629 | 667 |
| A.11 | Oifigeach um thacaíocht d'fhostaithe - seirbhís chomhroinnte | | | 1,807 | 1,531 | 1,488 |
| A.12 | Clár Foghlama agus Forbartha na Státseirbhíse | | | 363 | 309 | 635 |
| A.13 | Institiúid um Riarachán Poiblí | | | 5,975 | 5,975 | 2,933 |
| A.14 | Tionscadal riaracháin scéim pinsean aonair na seirbhíse poiblí | | | 238 | 2 | 66 |
| A.15 | Cur chun feidhme an Achta um Nochtadh Cosanta | | | 369 | 369 | 373 |
| A.16 | Maoiniú do phinsin le haghaidh comhlachtaí faoi choimirce na Roinne | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 1,536 | | | |
| | | *Méid Forlíontach* | 612 | | | |
| | | | | 2,148 | 2,196 | 2,136 |
| A.17 | Ciste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí | | | 750 | 619 | 711 |
| | | | | **59,434** | **57,022** | **50,004** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Leagtar amach thíos na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas cláir neamhriaracháin (+/- 5% agus €100,000).

**A.5 Cúnamh teicniúil maidir leis na cistí struchtúracha agus costais eile**

*Soláthar sna meastacháin €2.131 milliún; toradh €1.934 milliún*

Tharla an choigilt de €197,000 mar gheall ar fholúntais san Aonad Iniúchta Inmheánaigh agus AE a ghlac níos mó ama ná mar a bhí tuartha chun iad a líonadh.

**A.6 Costais maidir le cúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach**

*Soláthar sna meastacháin €1.657 milliún; toradh €1.854 milliún*

Ba é ba chúis leis an méadú €197,000 ná aisghabháil forchostas (idir 2018 agus 2023) ag tionól réigiúnach amháin.

**A.7 Cláir de chuid Chomhlacht na gClár Speisialta AE agus Thuaidh/Theas**

*Soláthar sna meastacháin €4.609 milliún; toradh €3.811 milliún*

Tharla an choigilt seo de €798,000 mar gheall ar an moill a bhí ar chur chun feidhme Réimse Infheistíochta (IA) 6.1 den chlár maoinithe PEACEPLUS a bhí sceidealaithe chun tús a chur le gníomhaíocht in 2024. Thóg feidhmiú céimneach IA níos mó ama ná mar a bhíothas ag súil leis, de bharr srianta foirne SEUPB go páirteach, a bhfuil aghaidh tugtha orthu anois mar gheall ar earcaíocht ball foirne breise. Cuirfidh IA 6.1 tús le feidhmiú céimneach in 2025 anois. Is clár Thuaidh-Theas é PEACEPLUS a bhfuil 22 IA éagsúil aige atá á seoladh ag SEUPB ar bhonn céimnithe.

**A.9 Tacaíocht nuálaíochta na foirgníochta**

*Soláthar sna meastacháin €500,000; toradh €385,000*

Tharla coigilt de €115,000 toisc nár theastaigh an maoiniú iomlán ó Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath dá chlár oibre. Táthar ag súil leis go mbeidh gá leis an méid iomlán de €500,000 in 2025.

**A.11 Oifigeach um thacaíocht d'fhostaithe - seirbhís chomhroinnte**

*Soláthar sna meastacháin €1.807 milliún; toradh €1.531 milliún*

Is fiú €276,000 an choigilt ar coigiltis phá é €200,000 di agus ar coigiltis neamhphá é €76,000 di. Is de bharr earcaithe nua a bheith ag tosú níos déanaí ná mar a bhí beartaithe a thárla sé sin; bhí coigiltis i speansais taistil agus i gcostais oibriúcháin sa réimse neamhphá mar gheall air sin.

**A.14 Tionscadal riaracháin scéim pinsean aonair na seirbhíse poiblí**

*Soláthar sna meastacháin €238,000; toradh €2,000*

Leis an gcóras riaracháin láraithe tacófar leis na húdaráis ábhartha uile an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair a riar. Tháinig an choigilt seo de €236,000 chun cinn ós rud é nár tháinig an réiteach oibre dearaidh chun cinn mar a bhí beartaithe in 2024 agus nár úsáideadh an caiteachas ionchais ar chomhairleoireacht.

**A.16 Maoiniú do phinsin le haghaidh comhlachtaí faoi choimirce na Roinne**

*Soláthar sna meastacháin €1.536 milliún; toradh €2.196 milliún*

Is mar gheall ar íocaíochtaí pinsin a bhí níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis agus cnapshuimeanna a tharla an méadú de €660,000. Is deacair scor a thuar i bhfianaise an ghearrfhógra is gá le dul ar scor. Cuireadh méid forlíontach teicniúil i gcrích in 2024.

**A.17 Ciste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí (CNSP)**

*Soláthar sna meastacháin €750,000; toradh €619,000*

Tharla an tearc-chaitheamh de €131,000 toisc nár theastaigh an maoiniú a bronnadh le CNSP ó dheontaí amháin a chuir a t(h)ionscadal i gcrích go rathúil.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | Fíoraithe | Fíoraithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Cláir an AE | 1,110 | 1,094 | 1,259 |
| 2 | Barrachais ar an sreabhadh airgid pinsin | 300 | 186 | 274 |
| 3 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 1,500 | 1,717 | 1,674 |
| 4 | Ilghnéitheach | 65 | 157 | 100 |
| | | **2,975** | **3,154** | **3,307** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Leagtar amach thíos na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000).

**2 Barrachais ar an sreabhadh airgid pinsin**

*Soláthar sna meastacháin €300,000; réadaithe €186,000*

Bhí na fáltais €114,000 taobh thiar den phróifíl, ós rud é nár tharla roinnt fáltais phinsin aonuaire in 2023 arís in 2024.

**3 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Soláthar sna meastacháin €1.50 milliún; réadaithe €1.717 milliún*

Bhí na fáltais €217,000 sa bhreis ar an bpróifíl de bharr fáltais ranníocaíochta aoisliúntais bhreise tar éis na méaduithe pá faoin gcomhaontú pá Ag Dul ó Neart go Neart.

### 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha don Státchiste

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | — | — |
| Géilleadh deonach maidir le tuarastail na n-airí | 21 | 21 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (21) | (21) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Líon na mball foirne ag deireadh na bliana | **385** | **374** |

### 5.2 Pá

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 29,224 | 26,968 |
| Liúntais ard-dualgas, dualgais speisialta agus dualgais bhreise | 371 | 369 |
| Liúntais eile | 112 | 131 |
| Ragobair | 18 | 9 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2,724 | 2,444 |
| **Pá iomlán[a]** | **32,449** | **29,921** |

Nóta [a] Ní mhaoiníonn an Roinn go díreach na costais phá de chuid aon cheann de na comhlachtaí faoina coimirce.

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair ba mhó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2024 | 2023 |
| | | | € | € |
| Liúntais ard-dualgas, dualgais speisialta agus dualgais bhreise | 65 | 7 | 24,551 | 42,131 |
| Liúntais eile | 1 | — | 15,396 | 9,410 |
| Ragobair | 18 | — | 3,736 | 927 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | — | — | — | 5,242 |

## 5.4 Bandaí pá d'fhostaithe na Roinne

Líon na bhfostaithe sa Roinn a bhfuil a sochair fostaithe iomlána (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC an fhostóra, costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 suas, is mar a leanas atá siad.

| Bandaí Pá (€) | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2024** | **2023** |
| 20,000 | 59,999 | 197 | 177 |
| 60,000 | 69,999 | 53 | 39 |
| 70,000 | 79,999 | 21 | 30 |
| 80,000 | 89,999 | 40 | 45 |
| 90,000 | 99,999 | 37 | 40 |
| 100,000 | 109,999 | 32 | 23 |
| 110,000 | 119,999 | 10 | 12 |
| 120,000 | 129,999 | 15 | 8 |
| 130,000 | 139,999 | 6 | 3 |
| 140,000 | 149,999 | — | 1 |
| 150,000 | 159,999 | 1 | 1 |
| 160,000 | 169,999 | 2 | 3 |
| 170,000 | 179,999 | 3 | 1 |
| 180,000 | 189,999 | 1 | — |
| 190,000 | 199,999 | 1 | 1 |
| 200,000 | 209,999 | 1 | 1 |
| 210,000 | 219,999 | 1 | — |
| 220,000 | 229,999 | — | — |
| 230,000 | 239,999 | — | — |
| 240,000 | 249,999 | — | 1 |
| 250,000 | 259,999 | 1 | — |

## 5.5 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Bhí luach saothair agus sochair inchánacha an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais mar a leanas.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Bunphá | 251 | 241 |

Ní áirítear thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Is ball den scéim aoisliúntais roimh 1995 do státseirbhísigh bhunaithe é/í an tOifigeach Cuntasaíochta agus ní théann teidlíochtaí an duine sin maidir le sochair scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.

### 5.6 Socruithe eile maidir le luach saothair

In 2024, tabhaíodh caiteachas de €209,012 (2023: €95,958) mar gheall ar bheirt oifigeach (2023: oifigeach amháin) a bhí i mbun seirbhíse taobh amuigh den Roinn don bhliain iomlán nó do chuid de 2024 agus ar íoc an Roinn a dtuarastal.

### 5.7 Ró-íocaíochtaí párolla

| amhail an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 70 | 178,664 | 191,432 |
| Pleananna téarnaimh atá i bhfeidhm | 14 | 86,307 | 116,297 |

Nóta [a] D'aistrigh beirt ag a raibh pleananna téarnaimh i bhfeidhm ar luach €22,095, chuig ranna eile i rith na bliana.. Déanfaidh a ranna faoi seach aisghabháil na méideanna amuigh a bhailiú. Maidir le moilleanna ar phleananna téarnaimh a chur i bhfeidhm, is iondúil gurb é is cúis leo difríochtaí uainiúcháin ag deireadh na bliana nó an fhoireann a bheith ar saoire bhreoiteachta. Déantar an aisghabháil go luath an bhliain ina dhiaidh sin nó nuair a fhilleann an ball foirne ón tsaoire.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú AE

Áirítear san olltoradh a léirítear i bhfo-cheannteidil A.5, A.6 agus A.7 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag AE de réir mar a leagtar amach thíos.

| Fo-cheannteideal | | Toradh | | Maoiniú a fuarthas | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 2024 €000 | 2023 €000 | 2024 €000 | 2023 €000 |
| A.5 | Cúnamh teicniúil maidir leis na cistí struchtúracha agus costais eile | 1,934 | 1,154 | 2,131 | 1,846 |
| A.6 | Costais maidir le cúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach | 1,854 | 1,249 | 1,657 | 1,633 |
| A.7 | 6 chlár de chuid Chomhlacht na gClár Speisialta AE agus Thuaidh/Theas | 3,811 | 3,413 | 4,609 | 4,550 |

### 6.2 Cásanna dlí

Ag deireadh 2024, bhí trí chás dlí gan íoc ann. Ní raibh aon chaiteachas ar cheann ar bith de na trí chás sin in 2024 agus ní féidir meastachán réasúnta a dhéanamh ar dhliteanas féideartha ag deireadh na bliana.

## 6.3 An Ghníomhaireacht Forbartha Talún

Mar a fhoráiltear in alt 25 den Acht fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún, 2021, is iad an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh ar an bPlean Forbartha Náisúnta agus Athchóirithe, agus an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (na hAirí) na haon scairshealbhóirí amháin atá sa Ghníomhaireacht Forbartha Talún (GFT). I mí an Mheithimh 2024, d'ordaigh an tAire Airgeadais do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta €325 milliún sa bhreis a aistriú ó shócmhainní Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann chuig GFT chun dliteanas an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh ar an bPlean Forbartha Náisúnta agus Athchóirithe a chomhlíonadh, dliteanas a eascraíonn as suibscríbhinn an Aire le haghaidh tuilleadh scaireanna in GFT ar luach ainmniúil €325 milliún.

Tar éis cinneadh Rialtais i mí na Nollag 2023, foráladh do leithdháileadh breise san Acht Rialtais Áitiúil (Méara Luimnigh) agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2024, lenar leasaíodh alt 42B(1)(e) den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014 (arna leasú) (Acht GBCN). In mí na Nollag 2024, d'ordaigh an tAire Airgeadais do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta €100 milliún sa bhreis a aistriú ó dhíol infheistíochtaí ordaithe (i.e. scaireanna bainc) atá á gcoinneáil ag Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann chuig GFT chun dliteanas an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh ar an bPlean Forbartha Náisúnta agus Athchóirithe a chomhlíonadh, dliteanas a eascraíonn as suibscríbhinn an Aire le haghaidh tuilleadh scaireanna in GFT ar luach ainmniúil €100 milliún.

Fuair an comhlacht fáltais na heisiúna scaireanna de €100 milliún ar an 10 Eanáir 2025.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Scairshealbhú cothromais sa Ghníomhaireacht Forbartha Talún | | |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | 924,000 | 99,000 |
| Faighte sa bhliain | 425,000 | 825,000 |
| Iarmhéid an 31 Nollaig | 1,349,000 | 924,000 |

## Nóta 7 Ciste Teagmhasach

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | 1,200 | 1,200 |
| Fáltais | — | — |
| Íocaíochtaí | — | — |
| Iarmhéid an 31 Nollaig | **1,200** | **1,200** |

Nóta [a] Is ciste neamhreachtúil é an Ciste Teagmhasach a bunaíodh in 1923. Tá an ciste ar fáil lena úsáid chun éascú a dhéanamh ar íoc as caiteachas práinneach nó neamhthuartha nach bhfuil clúdaithe ag na gnáth-Vótaí agus a bhféadfadh sé a bheith neamhphraiticiúil ceadú a lorg láithreach ó Dháil Éireann e.g. le linn sosa.

Leagtar amach na nósanna imeachta a bhaineann le hoibriúchán an chiste i Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí (Míreanna C.1.5 go C.1.12).

Déantar athbhreithniú ar mhéid an chiste gach cúig bliana. I ndiaidh athbhreithnithe in 2020, cinneadh gur cheart go bhfanfadh an ciste ag a leibhéal reatha.